Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14743/23**

**CO EUR-PREP 37**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (14 agus 15 Nollaig 2023)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar thacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an staid sa Mheánoirthear.

## III. MÉADÚ

Iarrfar ar an gComhairle Eorpach aghaidh a thabhairt ar an méadú agus ar an bpróiseas cobhsaíochta agus comhlachais agus ar na céimeanna breise atá le tabhairt i ndáil leis an méid sin.

## IV. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027

Tar éis an phlé a rinneadh ag an gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair, déanfaidh an Chomhairle Eorpach obair leantach ar an athbhreithniú atá beartaithe ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 chun teacht ar chomhaontú.

## V. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach a marana ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir le slándáil agus cosaint agus tabharfaidh sí treoir bhreise.

## VI. AN CAIDREAMH SEACHTRACH

I bhfianaise a dtarlóidh, tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.